| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)
## (270 MARC)

**DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 GO DTÍ 4.20**

**STAMPA AN IONAID**

| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán ag deireadh gach leathanaigh. | |
| 2. Iomlán na n-iomlán. (1-6) ón ngreille thall | |

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN (1-6) | |
| CT | |
| | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST **(1, 2** *agus* **3).**

**Ceist 1** **Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille.** **(40 marc)**

1. Ionad Fiaclóra
Ar oscailt 8.30-5.15
Luan go hAoine

2. *Tarracóir ar díol.*
*Praghas réasúnta*
*Feirm Uí Néill*

3. Céilí Dioscó
Anocht
Óstán Uí Laoghaire

4. Rabhadh
Ná dreap na cuaillí leictreachais
Fan amach !

5. Naíonra ar oscailt.
"Rógairí Órga"
Do pháistí idir 2 agus 5

6. Dola-Dhroichead romhat
Carranna €2.50
Gluaisrothair €1.50

7. Siopa na Lusanna
Bláthanna den Scoth
D'ócáid ar bith


8. STOP
nuair a lastar na soilse dearga
Traein ag teacht!

9. Freastalaí
Ag Teastáil
Bialann an Chnoic

10. Siopa Crua-Earraí
Dúnta don Lón
1 i.n. – 2 i.n.

| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |




















**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá fúithi. (25 mharc)

BORD NA MÓNA

Cúil na Móna
Port Laoise

Pól Ó Riain
12 Bóthar an tSéipéil
Tulach Mhór
Co. Uíbh Fhailí.

9 Meitheamh 2007

A Phóil, a chara,

Go raibh maith agat as freastal ar an agallamh le haghaidh poist mar mheicneoir le Bord na Móna ar an 24ú Bealtaine.

Dúirt tú ag an agallamh gur fhág tú an scoil tar éis duit an Teastas Sóisearach a dhéanamh sé bliana ó shin. Ansin chríochnaigh tú printíseacht le FÁS tar éis ceithre bliana. Tá tú ag obair le Bord Soláthair an Leictreachais i Luimneach faoi láthair. Táimid sásta tú a cheapadh mar mheicneoir i gCúil na Móna ag tosú ar an Luan 2ú Iúil. Beidh ort 35 uair an chloig a dhéanamh in aghaidh na seachtaine. Gheobhaidh tú €17 in aghaidh na huaire i dtosach. Ardóidh an ráta go dtí €19 tar éis bliana.

Má tá tú sásta glacadh leis an bpost seo ní mór duit scríobh ar ais chugam roimh 18ú Meitheamh agus Teastas Breithe a sheoladh chugam freisin.

Is mise,
Aingeal Ní Néill
Bainisteoir.

**1.** Cén áit a bhfuil Pól Ó Riain ina chónaí?

| | |
|---|---|
| Port Laoise | |
| Luimneach | |
| Tulach Mhór | |

**2.** Cad a rinne Pól ar an 24ú Bealtaine?

| | |
|---|---|
| Agallamh | |
| Printíseacht | |
| Teastas Sóisearach | |

**3.** Cé leis a bhfuil Pól ag obair faoi láthair?

| | |
|---|---|
| FÁS | |
| Bord na Móna | |
| Bord Soláthair an Leictreachais | |

**4.** Cén ráta pá a bheidh ag Pól i dtosach le Bord na Móna?

| | |
|---|---|
| €17 san uair | |
| €19 san uair | |
| €35 san uair | |

**5.** Cad é an dáta is déanaí le haghaidh glacadh leis an bpost?

| | |
|---|---|
| 24 Bealtaine | |
| 18 Meitheamh | |
| 2 Iúil | |

**(b)** Léigh **an Bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 mharc)

# Óstán An Óir



## An Daingean

Fág na cathracha móra ar nós Chorcaí agus Bhaile Átha Cliath i do dhiaidh, agus tabhair aghaidh ar Chiarraí. Suite ar imeall na Gaeltachta, i gCo. Chiarraí tá an t-óstán is deise ar domhan. Tá caoga cúig seomra d'ardchaighdeán againn ar cheithre urlár.
Tá bialann bhreá ar an dara hurlár agus ionad gleacaíochta ar an mbunurlár. Ina theannta sin tá balcóin álainn againn agus radhairc bhreátha uaithi ar an dúiche mórthimpeall. Ar aghaidh an óstáin amach leathnaíonn an fharraige mhór go bun na spéire agus taobh thiar dínn tá sléibhte arda.



Tá áiseanna speisialta don chlann ar fad againn. Do na páistí tá "Club na nÓg" ina mbíonn cluichí ar an trá gach maidin agus imeachtaí éagsúla gach tráthnóna. Bíonn rothair ar fáil ar cíos do na déagóirí agus dioscó gach dara hoíche. Bíonn rince seit gach Luan, agus ceol traidisiúnta gach Satharn, do na daoine fásta. Gach Aoine bíonn turas báid isteach go dtí an Blascaod Mór.

Caith seachtain linn agus gheobhaidh tú rátaí speisialta!

***Glaoigh orainn ar 062 648635***

**Ceisteanna:**

**1.** Cén baile ina bhfuil Óstán an Óir?

| | |
|---|---|
| Corcaigh | |
| Baile Átha Cliath | |
| An Daingean | |

**2.** Cén t-urlár ar a bhfuil an t-ionad gleacaíochta?

| | |
|---|---|
| An chéad urlár | |
| An dara hurlár | |
| An bunurlár | |

**3.** Cad atá ar aghaidh an óstáin amach?

| | |
|---|---|
| An fharraige | |
| Na sléibhte | |
| Na hoileáin | |

**4.** Cad a bhíonn ar siúl do na páistí gach tráthnóna?

| | |
|---|---|
| Cluichí trá | |
| Rothair ar cíos | |
| Imeachtaí éagsúla | |

**5.** Cén oíche a mbíonn ceol traidisiúnta ar siúl?

| | |
|---|---|
| Oíche Luain | |
| Oíche Aoine | |
| Oíche Shathairn | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 mharc)

# Tiománaí Cróga

Bhí an t-ádh dearg ar bheirt deartháireacha as Co. Liatroma aréir i dtimpiste bóthair a tharla idir an Muileann gCearr agus an Longfort. Ag filleadh ó shaoire thar lear san Astráil a bhí siad. Níor thuirling an t-eitleán go dtí meán oíche. Cé go raibh tuirse orthu shocraigh siad tiomáint díreach abhaile.



Thiomáin Antaine Ó Dúill ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Muileann gCearr. Stop sé an carr. Chuaigh sé isteach sa suíochán cúil agus chodail sé ansin. Thiomáin a dheartháir Barra ar aghaidh. Ach níorbh fhada gur thit seisean ina chodladh freisin.

D'imigh an carr ó smacht ag droichead. D'fhág sé an bóthar agus chuaigh sé isteach san abhainn. Bhí an bheirt sa charr gan aithne gan urlabhra agus bhí an t-uisce ag sileadh isteach sa charr. Chonaic tiománaí leoraí, Liam Ó Neachtain, na soilse faoin uisce. Stop sé láithreach agus chuir sé fios ar na seirbhísí tarrthála. Gan an dara smaoineamh léim Liam isteach san uisce fuar. Tharraing sé na deartháireacha amach ar bhruach na habhann. Tugadh go dtí an t-ospidéal sa Mhuileann gCearr iad nuair a tháinig an t-otharcharr. Tharraing an Bhriogáid Dóiteáin an carr amach as an uisce. Murach tiománaí cróga an leoraí bheadh na deartháireacha báite!
Tar éis seachtaine scaoileadh an bheirt fhear amach as an oispidéal. Tá siad slán sábháilte sa bhaile anois.

**Ceisteanna:**

**1.** Cad as don bheirt deartháireacha?

| | |
|---|---|
| An Longfort | |
| Liatroim | |
| An Muileann gCearr | |

**2.** Cén áit a raibh an bheirt ar saoire?

| | |
|---|---|
| In Éirinn | |
| I mBaile Átha Cliath | |
| San Astráil | |

**3.** Cé a bhí ag tiomáint an chairr nuair a tharla an timpiste?

| | |
|---|---|
| Antaine Ó Dúill | |
| Liam Ó Neachtain | |
| Barra Ó Dúill | |

**4.** Cad a tharraing an Bhriogáid Dóiteáin as an abhainn?

| | |
|---|---|
| Na deartháireacha | |
| An leoraí | |
| An carr | |


**5.** Cén áit ar tugadh na deartháireacha?

| | |
|---|---|
| Go dtí óstán | |
| Go dtí an t-ospidéal | |
| Go dtí stáisiún dóiteáin | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)

# Bean as an nGnáth




I mí an Mheithimh 2006 thug bean cháiliúil darb ainm Eileen Collins cuairt speisialta ar Éirinn. Labhair sí le ceithre chéad páiste bunscoile mar gheall ar an spástaisteal agus faoina saol féin mar spásaire le NASA. Bhronn Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, céim oinigh uirthi ar an ócáid chéanna.

Rugadh Eileen i Nua-Eabhrac sa bhliain 1956. Is as Co. Chorcaí do mhuintir a hathar agus as Co. an Chláir do mhuintir a máthar. Nuair a bhí Eileen óg shocraigh sí ar a bheith ina píolóta lá éigin. Ba í an eolaíocht an t-ábhar ab fhearr léi ar scoil i Nua-Eabhrac. Tar éis di freastal ar an Ollscoil ghlac Aerfhórsa na Stát Aontaithe léi mar phíolóta sa bhliain 1979.



Sa bhliain 1990 chuaigh sí ag traenáil le NASA chun bheith ina spásaire. Rinne sí ceithre thuras amach sa spás. Ba í Eileen an chéad bhean riamh a bhí ina píolóta ar an spáslong nuair a thug sí cuairt ar an spás-stáisiún Rúiseach "Mir" i 1995. Agus d'fhill sí arís dhá bhliain ina dhiaidh sin. Bhí Eileen ina ceannaire ar bord "Columbia" sa bhliain 1999 agus ar bord "Discovery" sa bhliain 2005. Chaith an criú bliain le chéile ag traenáil do gach turas amach sa spás.

Anois tá a saol mar spásaire thart agus tá níos mó ama ag Eileen lena fear céile agus lena hiníon Bríd. Ach is breá le hEileen a bheith ag taisteal ar fud an domhain fós ag bualadh le daltaí scoile agus ag caint faoin spás.

**Ceisteanna:**

**1.** Cé leis a raibh Eileen ag caint in Éirinn?

| | |
|---|---|
| Daltaí Meánscoile | |
| Mic Léinn Ollscoile | |
| Páistí Bunscoile | |

**2.** Cár rugadh Eileen Collins?

| | |
|---|---|
| Co. Chorcaí | |
| Nua-Eabhrac | |
| Co. an Chláir | |

**3.** Cén t-ábhar ab fhearr le hEileen ar scoil i Nua-Eabhrac?

| | |
|---|---|
| Béarla | |
| Eacnamaíocht | |
| Eolaíocht | |

**4.** Cé mhéad turas a rinne Eileen amach sa Spás?

| | |
|---|---|
| 2 thuras | |
| 3 thuras | |
| 4 thuras | |

**5.** Cé mhéad ama a chaith an criú ag traenáil do gach turas amach sa spás?

________________________________________

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)

# Páirc an Fhionnuisce



Is iomaí páirc bhreá chathrach atá le feiceáil i gcathracha mar Pháras nó Londain. Ach is in Éirinn atá an pháirc chathrach is mó san Eoraip. Tá míle seacht gcéad seasca acra talún i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath. Tagann thart ar dhá mhilliún cuairteoir isteach sa pháirc gach bliain chun taitneamh a bhaint as na háiseanna agus as na radhairc inti.

Tá Oifig na nOibreacha Poiblí i bhfeighil na Páirce anois. Tugann siad aire do na crainn, do na cosáin, do na hainmhithe, do na foirgnimh agus do na gairdíní breátha atá inti. Chaith Éamonn Ó Maoláin as Árainn daichead bliain ag obair mar gharraíodóir i bPáirc an Fhionnuisce. Bhí sé chomh mór sin i ngrá leis an áit gur shocraigh sé fanacht ina chónaí ina theach beag sa pháirc nuair a d'éirigh sé as a phost anuraidh.

Sa bhliain 1751 thóg Nathanial Clements teach breá fairsing i bPáirc an Fhionnuisce. Cheannaigh an Rialtas an Pháirc uaidh sa bhliain 1782. Is iomaí cuairteoir cáiliúil a d'fhan sa teach sin. Bhí an bhanríon Victoria ann sa bhliain 1849. "Áras an Uachtaráin" an t-ainm atá ar an teach sin anois. Chuaigh Uachtarán na hÉireann, Dubhghlas De hÍde, chun cónaí san "Áras" sa bhliain 1938.



Tá go leor rudaí le feiceáil i bPáirc an Fhionnuisce. Sa chúinne thoir tá Gairdín na nAinmhithe. Tá teach Farmleigh in iarthar na páirce. Agus i lár na páirce, san ionad inar sheas an Pápa Eoin Pól sa bhliain 1979, tá cros ard. Feictear fianna ag iníor, peileadóirí ag imirt agus cuairteoirí ag siúl timpeall na páirce seo ó cheann ceann na bliana. Tá spás agus áis inti do gach duine. Caithfidh go bhfuil muintir na hÉireann uile bródúil as Páirc an Fhionnuisce.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén áit ina bhfuil an pháirc chathrach is mó san Eoraip?

| | |
|---|---|
| i Londain | |
| i bPáras | |
| i mBaile Átha Cliath | |

**2.** Cé mhéad acra talún atá i bPáirc an Fhionnuisce?

| | |
|---|---|
| 40 | |
| 1,760 | |
| 500,000 | |

**3.** Cé a thugann aire do Pháirc an Fhionnuisce anois?

______________________________________________

**4.** Cé a tháinig chun cónaí in Áras an Uachtaráin i 1938?


| | |
|---|---|
| Dubhghlas de hÍde | |
| An Bhanríon Victoria | |
| An Pápa Eoin Pól | |

**5.** Cad atá i lár Pháirc an Fhionnuisce?

| | |
|---|---|
| Gairdín na nAinmhithe | |
| Teach Farmleigh | |
| Cros Ard | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá fúthu. (30 marc)

# Amhrán na Féile



Tá éinín ag cantain ar bhruacha na Laoi.
Tá duilleogaí glasa ag teacht ar na crainn.
Tá seamair ag fás ar na bánta go mín,
Mar tá deireadh le codladh na gréine.

Is éirígí suas, a chairde mo chroí,
Is líonaigí clár geal na spéire go binn,
Le poirtíní ceoil cuirig' deireadh le brón,
Is bímis ag cantain le chéile.



Tá iasc beag ag léimrigh le háthas san abhainn.
Tá cuileogaí 'g eitilt, iad bán agus donn.
Tá cuaichín ag fógairt 'bhfad thíos ins an ngleann
Go bhfuil deireadh le codladh na gréine.

Tá beacha ag bailiú stór meala go dian.
Tá uainín ag méiligh ag bun an bhóithrín.
Tá fear ins gach páircín ag scaipeadh an tsíl,
Mar tá deireadh le codladh na gréine.

Le S. E. Ó Cearbhaill

**Ceisteanna:**

**1.** Cad atá ar na crainn?

| | |
|---|---|
| Éinín ag cantain | |
| Duilleogaí glasa | |
| Seamair | |

**2.** Cad atá ag fógairt go bhfuil deireadh le codladh na gréine?

| | |
|---|---|
| Cuileogaí | |
| Cuaichín | |
| Iasc beag | |

**3.** Cén séasúr atá ag tosú anois?

| | |
|---|---|
| An Geimhreadh | |
| An Samhradh | |
| An tEarrach | |

**4.** Cén obair atá ar siúl ag na beacha? … Tá siad

| | |
|---|---|
| Ag bailiú meala | |
| Ag léimrigh le háthas | |
| Ag méiligh | |

**5.** Cén obair atá ar siúl ag an bhfear?

___

## ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA **(120 marc)**

FREAGAIR **GACH** CEIST (**4**, **5** *AGUS* **6**)

Tá Ceist 4 ar na leathanaigh 10 agus 11.

Tá Ceist 5 ar na leathanaigh 12 agus 13.

Tá Ceist 6 ar na leathanaigh 14 agus 15.

## ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA **(120 marc)**


FREAGAIR **GACH** CEIST (**4**, **5** *AGUS* **6**)

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(30 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.



Cén rud?
Cén áit?




Cén oíche? Dáta? Am?
Cén cead isteach?



Cé a bheidh mar
Fhear a' tí?





Cad a tharlóidh don
airgead?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis na pictiúir thuas.

**FÓGRA**

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir atá thíos.





Is tusa an duine sna pictiúir seo. Scríobh **CUIREADH** chuig Eoin ag insint dó:

| | | | |
|---|---|---|---|
| - | Cad a bheidh ar siúl. Cén áit. Cén lá. Cén dáta. | } | |
| - | Cén t-am. Cé mhéad ar thicéad. | } | Pictiúr 1 |
| - | Cén fáth ar smaoinigh tú ar Eoin. | } | Pictiúr 2 |
| - | Gur mhaith leat go rachadh Eoin ann leat. | } | Pictiúr 3 |
| - | Conas a rachaidh sibh go dtí an áit sin. | } | Pictiúr 4 |

**<u>CUIREADH</u>**

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Tá tusa ag obair sa Leabharlann seo an samhradh seo. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara. Inis dó/di:

| | | |
|---|---|---|
| - Faoin Leabharlann agus faoin áit a bhfuil an leabharlann | } | Pictiúr 1 |
| - Faoin obair a dhéanann tú gach lá. (Trí phointe ag teastáil) | } | Pictiúr 2 |
| - Faoi na daoine a thagann isteach sa Leabharlann gach lá | } | Pictiúr 3 |
| - Faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn lá saor agat | } | Pictiúr 4 |

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.]**

**<u>LITIR</u>**

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat a bheith ag obair i mbialann. Fuair tú an **Fhoirm Iarratais** seo le líonadh.
Líon isteach an **Fhoirm Iarratais atá anseo thíos.**
**[ Nóta:** Is tusa *Síle Ní Laoghaire*]

## Garáiste Uí Eathairn, Cluain Tarbh
## Foirm Iarratais

Ainm: *Síle Ní Laoghaire*

Seoladh: ……………………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………Uimhir Theileafóin ……………………………

Dáta Breithe: ………………………………………… …. Aois: ….………………………………………

Cén áit ar rugadh thú? ……………………………………………………………………..……………….

Cén bhliain a rinne tú Scrúdú na hArdteistiméireachta? …..………………………………….……………

Ainmnigh **cúig ábhar scoile** a rinne tú sa scrúdú sin: ..…………………………………………..…………

……………………………………………..……………………………………….……………….…..

An bhfuil ceadúnas tiomána agat ? ………………………………………………………………………

Ar oibrigh tú i ngaráiste roimhe seo? …………..…………………………………………………….….…

An mbeidh tú sásta printíseacht a dhéanamh ? …………………………………………………………..

An féidir leat a bheith ag obair gach Satharn? ……………………………………………………..………...

An gcaitheann tú tobac? ……………………………………………………………………………..…

Luaigh **trí** chaitheamh aimsire atá agat: …………………………………………………………………....

…………………………………………………………………………………………………………

Cuir **ciorcal** timpeall ar an dáta i mí Lúnasa is fearr leat le haghaidh agallaimh: Lúnasa : 4ú, 11ú, 18ú.

Scríobh **alt beag** (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat a bheith ag obair i ngaráiste.

Síniú *Síle Ní Laoghaire* Dáta …………..


**Ceist 6** Freagair (a) **NÓ** (b) **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr atá thíos.

Bhí tú i láthair sa Chlub Óige ag "Féile an tSamhraidh".
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in "Iris na Scoile" faoi.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## FÉILE AN tSAMHRAIDH SA CHLUB ÓIGE




**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir atá anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú amuigh ag siúl le do chara. Tá tú chun scríobh faoin **eachtra** seo in “Iris na Scoile” (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| | | | |
|---|---|---|---|
| ag siúl | ag rothaíocht | ag cur fola | otharcharr |
| poll uisce | sciorr an rothar | gan aithne | leabhar nótaí |

## EACHTRA A THARLA

Leathanach Bán

**SCRÚDUIMHIR** ☞

**Iomlán na Marcanna**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007**

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)**

**CLUASTUISCINT (180 marc)**

**DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 4.30 go dtí 5.10**

**DON SCRÚDAITHEOIR**


| **CEIST** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **MARC** | | | | | | | | | | | | | |


**STAMPA AN IONAID**

## CLUASTUISCINT – (180 marc)


Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Roinn seo ar an dlúthdhiosca. Cuir tic leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cén post atá ag Síle faoi láthair?










**Ceist 1 (b)** Cén áit a ndéanfaidh Síle an cúrsa innealtóireachta?

| | |
|---|---|
| San Ospidéal | |
| San Ollscoil | |
| San Aerfort | |

**Ceist 2 (a)** Cad a bheidh á oscailt i Ros Muc, Dé Luain seo chugainn?










**Ceist 2 (b)** Cé mhéad duine a bheidh ar an bhfoireann i Ros Muc?


| | |
|---|---|
| 2 | |
| 6 | |
| 12 | |

**Ceist 3 (a)** Cén áit a mbeidh an lá oscailte?









**Ceist 3 (b)** Cad atá faoi dhíon ag an gclub?


| | |
|---|---|
| Bialann | |
| Cúirt Cispheile | |
| Cúirt Leadóige | |

**Ceist 4** Cá bhfuil an bhean ag dul?









**Ceist 5** Cá bhfuil Oifig an Phoist? (Cuir tic sa bhosca ceart.)




**Ceist 6 (a)** Conas a bheidh an aimsir i rith an lae amárach?











**Ceist 6 (b)** Cén saghas bád nach mbeidh an aimsir oiriúnach dóibh?

| | |
|---|---|
| Na báid seoil | |
| Na báid bheaga | |
| Na báid mhóra | |

**Ceist 7 (a)** Cén cluiche a bheidh ar siúl i nDurlas amárach?










**Ceist 7 (b)** Cén t-am a bhfillfidh na busanna ar an gcoláiste?

| | |
|---|---|
| 11.50 a.m. | |
| 4.45 p.m. | |
| 5.15 p.m. | |

**Ceist 8 (a)** Cén timpiste a tharla inniu?









**Ceist 8 (b)** Cén áit ar tugadh an tiománaí gortaithe?

| | |
|---|---|
| Inis | |
| Gaillimh | |
| Gort | |

**Ceist 9 (a)** Cad a bheidh ar siúl i halla na scoile oíche Dé hAoine?







**Ceist 9 (b)** Cé dóibh an léiriú i halla na scoile ar an Déardaoin?

| | |
|---|---|
| Iarscoláirí | |
| Tuismitheoirí | |
| Daltaí scoile | |

**Ceist 10 (a)** Cén áit a bhfuil fón póca Choilm anois?

| | |
|---|---|
| Ina phóca | |
| In oifig an rúnaí | |
| Ina sheomra leapa | |

**Ceist 10 (b)** Cé atá ar leathlá inniu?

| | |
|---|---|
| An múinteoir | |
| An rúnaí | |
| Na daltaí | |

**Ceist 11 (a)** Cén ráta pá in aghaidh na huaire atá ag Cáit ar an Domhnach?

| | |
|---|---|
| € 7 | |
| € 10 | |
| € 15 | |

**Ceist 11 (b)** Cén saghas éadaí atá ar díol sa siopa?

| | |
|---|---|
| Éadaí do mhná | |
| Éadaí do pháistí | |
| Éadaí d'fhir | |

**Ceist 12 (a)** Cén obair bhaile nach bhfuil déanta ag Rónán?

| | |
|---|---|
| Mata | |
| Ceist Staire | |
| Aiste Bhéarla | |

**Ceist 12 (b)** Cén tréimhse a mbeidh an Béarla ag Rónán inniu?

| | |
|---|---|
| An chéad tréimhse | |
| An dara tréimhse | |
| An tríú tréimhse | |

Leathanach Bán

Leathanach Bán